



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

2023/0134(COD)

PE-CONS 58/26

TRANS 507
ENV 958
FIN 1086
CODEC 1466

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le muirear ar fheithiclí tromshaothair a athrú bunaithe ar a n-astaíochtaí CO₂ agus chun forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú

TREOIR (AE) 2026/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le muirear
ar fheithiclí tromshaothair a athrú bunaithe ar a n-astaíochtaí CO₂
agus chun forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C, 2023/874, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/874/oj>.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2026 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, lena leasaítear Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, neartaíodh an prionsabal ‘gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as’ agus an prionsabal ‘gurb é an t-úsáideoir a íocfaidh as’ trí mhuirir éigeantacha ar fheithiclí áirithe a thabhairt isteach de réir a n-astaíochtaí CO₂, trí na muirir bhonneagair agus na muirir úsáideora a athrú de réir astaíochtaí CO₂ na bhfeithiclí nó trí mhuirear costas seachtrach a ghearradh ar astaíochtaí CO₂.

³ Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/362/oj>).

⁴ Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar bóithre a ghearradh ar fheithiclí (IO L 187 20.7.1999, lch. 42, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/oj>).

- (2) Is iomchuí forálacha áirithe de Threoir 1999/62/CE a shoiléiriú agus a shimpliú chun na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, a léiriú, chomh maith leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún⁷, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún⁸, a léiriú.

-
- ⁵ Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj>).
- ⁶ Rialachán (AE) 2024/1610 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO₂ le haghaidh feithiclí nua tromshaothair a neartú agus oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/956 (IO L, 2024/1610, 6.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1610/oj>).
- ⁷ Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂ agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj>).
- ⁸ Rialachán (AE) 2022/1379 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2400 a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí CO₂ agus ídiú breosla a chinneadh i gcás leoraithe meánmhéide agus leoraithe troma agus busanna troma agus chun feithiclí leictreacha agus teicneolaíochtaí nua eile a thabhairt isteach (IO L 212, 12.8.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1379/oj>).

- (3) Leis an Treoir seo, ba cheart an dáta a shoiléiriú óna mbeidh feidhm ag an oibleagáid muirir bhóthair a athrú de réir astaíochtaí CO₂ d'fhoghrúpa feithiclí. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt chomhsheasmhach a dhéanamh sa Treoir seo d'fhoilsiú astaíochtaí tagartha CO₂ foghrúpa feithiclí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/1242. Leis an Treoir seo, freisin, ba cheart tréimhse leordhóthanach cur chun feidhme a thabhairt d'údarais náisiúnta agus do sholáthraithe seirbhíse dolaí chun na feithiclí a bhaineann leis na foghrúpaí feithiclí sin a aicmiú ina n-aicmí astaíochtaí CO₂. Ba cheart 12 mhí ar a laghad a bheith ag na Ballstáit chun an t-athrú ar mhuirir bhóthair le haghaidh foghrúpaí feithiclí nua a chur chun feidhme tar éis a n-astaíochtaí tagartha CO₂ a fhoilsiú. Chun críocha na hintuathachta agus an tsimplithe, ba cheart athrú den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcónaí ón 1 Iúil den bhliain tar éis bhliain foilsithe astaíochtaí tagartha CO₂ an fhoghrúpa feithiclí nua, más rud é gur foilsíodh an foilseachán sin roimh an 1 Iúil, nó ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis bhliain foilsithe astaíochtaí tagartha CO₂ an fhoghrúpa feithiclí nua, más rud é gur foilsíodh an foilseachán sin an 1 Iúil nó ina dhiaidh sin. A mhéid a bhaineann leis na foghrúpaí feithiclí a cumhdaíodh ar dtús le Rialachán (AE) 2019/1242, is ón 13 Bealtaine 2023 atá feidhm ag an oibleagáid muirir bhóthair a athrú, is é sin 2 bhliain ó foilsíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún⁹.

⁹ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí CO₂ áirithe in aghaidh an mhonaróra agus meánastaíochtaí sonracha CO₂ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas agus astaíochtaí tagartha CO₂ de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse tuairiscithe 2019 (IO L 167, 12.5.2021, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/781/oj).

- (4) Leis an Treoir seo, ba cheart an dáta a shoiléiriú óna mbeidh feidhm ag na coigeartuithe ar astaíochtaí tagartha CO₂ arna nglacadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242. Ba cheart 12 mhí ar a laghad a bheith ag na Ballstáit chun na hastaíochtaí tagartha CO₂ coigeartaithe a chur chun feidhme. Chun críocha na hintuathachta agus an tsimplithe, ba cheart na hastaíochtaí tagartha CO₂ coigeartaithe a chur i bhfeidhm i gcónaí ón 1 Iúil den bhliain tar éis bhliain a bhfoilsithe, más rud é gur foilsíodh an foilseachán sin roimh an 1 Iúil, nó ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis bhliain a bhfoilsithe, más rud é gur foilsíodh é an 1 Iúil nó ina dhiaidh sin. Mar sin féin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2545 ón gCoimisiún¹⁰ coigeartaíodh astaíochtaí tagartha CO₂ maidir le foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH, agus feidhm aige ón tréimhse tuairiscithe 2025. Leis an leagan reatha den sainmhíniú ar ‘chonair laghdaithe astaíochtaí’, mar a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/362, foráiltear go mbeidh feidhm ag na luachanna coigeartaithe ón tréimhse thuairiscithe a thosaíonn tar éis dháta cur i bhfeidhm an ghnímh ina bhfuil na luachanna coigeartaithe sin. Dá bhrí sin, tá feidhm acu ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an 1 Iúil 2026 a choinneáil ar bun go sainráite.

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2545 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2335 trí na hastaíochtaí tagartha CO₂ coigeartaithe a shocrú agus lena sonraítear an mhodheolaíocht chun feithiclí ionadaíocha a shainiú (IO L, 2025/2545, 16.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2545/oj).

- (5) Leis an Treoir seo, maidir le brí an tsainmhínithe a thugtar ar ‘chonair laghdaithe astaíochtaí’ i dTreoir 1999/62/CE, a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/362, ba cheart í a chaomhnú. Le Rialachán (AE) 2024/1610, leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1242 trí sprioc maidir le hastaíochtaí CO₂ a laghdú faoi 43 % do 2030. Déanann an t-athrú sin difear do ghrádán na conaire laghdaithe astaíochtaí a shainmhínítear i dTreoir 1999/62/CE do na blianta as sin go dtí 2030, 2030 san áireamh. Dá bhrí sin, tairseacha áirithe maidir le haicmí astaíochtaí CO₂ do na blianta go dtí 2030, 2030 san áireamh, tá na tairseacha níos déine ná na tairseacha do 2031 agus na mblianta ina dhiaidh sin. An cruth atá ar an gconair laghdaithe astaíochtaí de bharr an mhéid sin, ní raibh sé beartaithe gurbh é sin an toradh a bheadh ar ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1610. Dá bhrí sin, ba cheart an cruth a bhí ar an gconair laghdaithe astaíochtaí i dtús ama a athbhunú trí Threoir 1999/62/CE a leasú trí sprioc 30 % maidir le laghdú astaíochtaí CO₂ i gcomhair 2030 a leagan síos. Go dtí go mbeidh feidhm ag an athrú sin, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí feithiclí áirithe a aicmiú in aicme astaíochtaí CO₂ trí úsáid a bhaint as conair laghdaithe astaíochtaí atá bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí CO₂ 43 % faoi 2030. Chun a áirithiú gur cóir chomhionann a thabharfar dóibh sin agus d’fheithiclí atá aicmithe in aicme astaíochtaí CO₂ tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit na feithiclí sin a bhfuil a n-aicmiú bunaithe ar sprioc 43 % a athaicmiú trí chonair laghdaithe astaíochtaí a úsáid atá bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí CO₂ 30 % faoi 2030. Chun a áirithiú go mbainfidh feithiclí leis an aicme astaíochtaí CO₂ chéanna gan beann ar an áit san Aontas ina mbíonn siad ag gluaiseacht, ba cheart do na Ballstáit an t-athaicmiú sin a chur i bhfeidhm ón dáta céanna, eadhon an dáta is déanaí chun an Treoir seo a thrasú.

- (6) Leis an Treoir seo, maidir le feithiclí a bhfuil comhad faisnéise custaiméara ag gabháil leo mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2017/2400 agus a cláraíodh den chéad uair roimh dháta tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí, ba cheart a shoiléiriú conas na feithiclí sin a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂. I gcás foghrúpaí feithiclí dar tréimhse thagartha 2021 nó 2025, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1242, tá neamhréir ann idir an dáta a thosaíonn a gconairí laghdaithe astaíochtaí agus an sprioc-am do mhonaróirí maidir le comhad faisnéise custaiméara arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún a sholáthar i ndáil le feithiclí nua. Is é an dáta tosaigh atá ag conair laghdaithe astaíochtaí maidir le foghrúpa feithiclí, an chéad lá den tréimhse thagartha lena mbaineann an foghrúpa feithiclí sin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242. Leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2400 an sprioc-am do mhonaróirí maidir leis an gcomhad faisnéise custaiméara a sholáthar i ndáil le foghrúpa feithiclí nua. I gcás na bhfoghrúpaí feithiclí sin, beidh an sprioc-am do mhonaróirí chun an comhad faisnéise custaiméara a sholáthar níos túisce ná dáta tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí. Ní léirítear le Treoir 1999/62/CE conas feithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh dháta tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂. Ba cheart do na Ballstáit feithiclí a aicmiú in aicme astaíochtaí CO₂ i gcás inar féidir leis an úinéir fianaise a sholáthar maidir le hastaíochtaí CO₂ a fheithicle i gcomhad faisnéise custaiméara. Is ionann tairseacha na n-aicmí astaíochtaí CO₂ roimh dháta tosaigh na conaire laghdaithe astaíochtaí agus tairseacha na chéad bhliana den chonair laghdaithe astaíochtaí.

- (7) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí seirbhíse a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂. Le Rialachán (AE) 2019/1242, déantar idirdhealú idir feithiclí seirbhíse, amhail feithiclí a úsáidtear le haghaidh bailiú dramhaíola nó oibreacha tógála, agus cineálacha eile feithiclí. Is iad na feithiclí sin is cúis le thart ar 2 % d'astaíochtaí na hearnála tromshaothair agus feidhmítear iad i gcathracha den chuid is mó. Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2024/1610, ní shainaithnítear gur feithiclí seirbhíse atá sa chineál sin feithiclí ach amháin tar éis a gcéad chlárúcháin. Dá bhrí sin, ní sholáthraítear faisnéis maidir le feithicil a bheith ina feithicil seirbhíse i gcomhad faisnéise custaiméara feithicle nua. Dá bhrí sin, ní féidir feithiclí seirbhíse a aithint mar fheithiclí a bhaineann le foghrúpa seirbhíse nuair a aicmítear iad in aicme astaíochtaí CO₂. Ar chúiseanna oibiachtúla agus praiticiúla, ba cheart caitheamh le feithiclí seirbhíse amhail agus gur feithiclí iad a bhaineann leis an bhfoghrúpa comhfhreagrach feithiclí nach feithiclí seirbhíse iad chun críocha Threoir 1999/62/CE.

- (8) D'fhéadfadh iarfheistiú, a chiallaíonn go ginearálta leasú ar shaintréithe teicniúla feithicle tar éis a céadchláráithe, lena n-áirítear athruithe fisiciúla nó bogearraí, tacú le hastaíochtaí na feithicle a laghdú nó difear a dhéanamh dá feidhmíocht astaíochtaí. Leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, ní féidir astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí iarfheistithe a chinneadh. Chun go bhféadfar feithiclí iarfheistithe a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂, agus éifeacht an phróisis iarfheistithe á cur san áireamh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar roghanna chun astaíochtaí CO₂ feithiclí iarfheistithe a chinneadh, agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/1242 á gcur san áireamh, agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart dó togra a thíolacadh chun an Treoir seo a leasú. In éagmais na rialacha ginearálta sin maidir le hastaíochtaí CO₂ ó fheithiclí iarfheistithe a chinneadh, ba cheart soiléiriú a dhéanamh sa Treoir seo ar conas feithiclí astaíochtaí nialasacha iarfheistithe a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂. Le Rialachán (AE) 2019/1242 leagtar síos spriocanna do mhonaróirí maidir le laghdú astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí nua tromshaothair. Faoin Rialachán sin, baineann monaróirí go háirithe tairbhe as feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur ar an margadh. Le Treoir 1999/62/CE, tacaítear leis an éileamh ar na feithiclí sin trí mhuirir laghdaithe bhonneagair agus muirir laghdaithe úsáideora a dheonú i gcomhréir le haicme 5 d'astaíochtaí CO₂. Míbhuntáiste atá ann cheana maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha is ea go bhfuil raon oibríochtúil níos ísle acu ná mar atá ag gnáthfheithiclí.

Chun raon oibríochtúil feithicle astaíochtaí nialasacha a mhéadú, is féidir an feithicle a iarfheistiú trí ghineadóir breosla a chur in ionad pacáiste ceallraí. Dá bhrí sin, déantar feithiclí hibrideacha d'fheithiclí iarfheistithe den sórt sin. Faoi Threoir 1999/62/CE, aicmítear feithiclí in aicmí astaíochtaí CO₂ de réir na doiciméadachta feithicle a tháirgeann monaróirí sula gcláraítear an fheithicil den chéad uair. Fágann sé sin, faoin gcreat reachtach atá ann faoi láthair, go leanfadh feithiclí arna n-iarfheistiú ar an gcaoi sin de thairbhe a bhaint as muirir laghdaithe i gcomhréir le haicme 5 d'astaíochtaí CO₂ d'ainneoin gineadóir breosla a bheith á úsáid acu. Mar sin féin, má leantar den tairbhe sin, déantar an margadh iompair lasta de bhóthar a shaobhadh ar bhealach a chuireann isteach ar na hoibreoirí a úsáideann feithiclí astaíochtaí nialasacha nár iarfheistíodh, agus ní chuirtear san áireamh léi na laghduithe iarbhir ar astaíochtaí thar shaolré na bhfeithiclí iarfheistithe sin chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242. Chun a áirithiú go ndéanfar na feithiclí uile a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂ bunaithe ar thorthaí na huirlise ionsamhlúcháin dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/2400 (uirlis ríofa ídithe fuinnimh feithicle - VECTO), feithiclí astaíochtaí nialasacha arna n-iarfheistiú ionas go bhfuil inneall faoi thiomáint breosla acu, ba cheart, dá bhrí sin, caitheamh leo faoi Threoir 1999/62/CE amhail agus go mbaineann siad le haicme 1 d'astaíochtaí CO₂.

- (9) Leis an Treoir seo, ba cheart a shoiléiriú conas feithiclí débhreosla a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂. Le Rialachán (AE) 2017/2400 éilítear ar mhonaróirí comhad faisnéise custaiméara a eisiúint maidir le feithiclí débhreosla, ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Mar sin féin, cláraíodh feithiclí débhreosla áirithe roimh an dáta sin gan comhad faisnéise custaiméara. I gcás feithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh an dáta sin, ní féidir rochtain a fháil ar rátaí níos fabhraí, agus d'fhéadfadh na feithiclí sin a bheith thíos le míbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid le feithiclí comhchosúla a cláraíodh níos déanaí. I gcás feithicil atá cláraithe cheana, tá an rogha ag monaróirí astaíochtaí CO₂ na feithicle a chinneadh trí chineál nua ionsamhlúcháin a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh na ceanglais is déanaí de chuid Rialachán (AE) 2017/2400. Ba cheart do na Ballstáit glacadh le toradh na n-ionsamhlúchán sin mar chruthúnas ar astaíochtaí CO₂ na feithicle. Ba cheart don Choimisiún cosc a chur ar úsáid torthaí ionsamhlúcháin neamhúdairithe trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann monaróirí as an rogha sin. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróir a chinn an rogha sin a úsáid fógra a thabhairt don Choimisiún faoina rún. Níor cheart do na Ballstáit glacadh le doiciméad ina bhfuil na torthaí ionsamhlúcháin sin ach amháin má fhaightear é go díreach ó mhonaróir i bhformáid dhigiteach, toisc nach bhfuil baol calaoise chomh mór céanna ann i gcás na formáide sin agus atá i gcásanna eile, agus go mbeidh cinneadh dearfach ón gCoimisiún dírithe ar an monaróir sin.

- (10) Le Treoir 1999/62/CE, déantar foráil maidir le raon feidhme na Treorach sin a leathnú chun go gcuirfí san áireamh foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/2400 ach nach gcumhdaítear go fóill le Rialachán (AE) 2019/1242. Mar sin féin, le Rialachán (AE) 2024/1610, leathnaíodh raon feidhme Rialachán (AE) 2019/1242 chun go mbeadh sé ag teacht le raon feidhme Rialachán (AE) 2017/2400. Dá bhrí sin, tá na forálacha ábhartha de Threoir 1999/62/CE imithe i léig agus ba cheart iad a scriosadh chun téacs na Treorach sin a shimpliú.
- (11) Le Treoir (AE) 2022/362, tugadh isteach athrú ar mhuirir bhonneagair agus muirir úsáideora ar fheithiclí de réir a n-aicme astaíochtaí CO₂, mar rannchuidiú le hastaíochtaí CO₂ in iompar de bhóthar a laghdú. Chun soláthar feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn, ceadaíodh do na Ballstáit feithiclí astaíochtaí nialasacha a dhíolmhú go sealadach ó mhuirir bhóthair. Chun beart den sórt sin a fhorlíonadh, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit laghdú iomchuí a sholáthar d'fheithiclí astaíochtaí ísle i ndáil le muirir bhonneagair nó muirir úsáideora. Chun comhlántacht a áirithiú idir bearta chun tacú leis an éileamh ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus ar fheithiclí astaíochtaí ísle, níor cheart an fhéidearthacht sin a bheith ar fáil ach amháin in éineacht le bearta a chuirtear i bhfeidhm maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ba cheart, tar éis an 30 Meitheamh 2031, í a theorannú ar leibhéal an uaslaghdaithe 50 % arna bhunú.

- (12) Cé gur féidir le leantóirí éifeachtúla astaíochtaí CO₂ ó ghnáthfheithiclí a laghdú agus raon feithiclí a mhéadú, ní dhéantar foráil sa Treoir seo maidir le bunús dlí do na Ballstáit chun saintréithe leantóirí a mheas agus rátaí dola á socrú. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar roghanna chun athrú na ndolaí a chur chun feidhme bunaithe ar shaintréithe leantóirí. Ba cheart go n-éileodh roghanna cur chun feidhme den sórt sin iarracht íosta ó na hoibreoirí iompair agus ba cheart a bheith in ann iad a thabhairt isteach sna córais dolaí atá ann cheana ar bhealach costéifeachtach. Ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí agus ar an trealamh éagsúil atá ar fáil ar an margadh, lena n-áirítear an flít leantóirí atá ann cheana a iarfheistiú, agus ar an laghdú iomlán ar fhuinneamh ó úsáid na dteicneolaíochtaí agus an trealaimh sin. Ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar thorthaí aon treoirthionscadail sa réimse sin, agus ba cheart dó an t-ualach riaracháin, na srianta oibríochtúla, paraiméadair eacnamaíocha na dteicneolaíochtaí atá ar an margadh, agus an costéifeachtacht a chur san áireamh.

- (13) Is féidir le sásraí comhair idir na Ballstáit maidir le malartú sonraí a bhaineann leis na paraiméadair aicmithe feithiclí próisis riaracháin a shimpliú agus aitheantas frithpháirteach a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún obair a chomhordú laistigh de ghrúpa saineolaithe chun malartú dea-chleachtas a shainaithint agus a chur chun cinn agus chun moltaí a dhéanamh maidir le cur chuige comhchoiteann. Mar chuid den obair sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá sé sásraí atá ann cheana a úsáid, amhail deimhniú comhréireachta leictreonach na feithicle, an malartú faisnéise faoi Threoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, agus an malartú faisnéise maidir le sonraí clárúcháin feithicle.
- (14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon a áirithiú go ndéanfar na rialacha maidir le feithiclí tromshaothair a aicmiú in aicmí astaíochtaí CO₂ agus maidir le muirir bhonneagair agus muirir úsáideora a athrú dá réir, a cur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach ar fud an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 1999/62/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

¹¹ Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas, (IO L 91, 29.3.2019, lch. 45, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/520/oj>).

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 1999/62/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (28):

‘(28) ciallaíonn ‘astaíochtaí CO₂’ feithicle tromshaothair a hastaíochtaí sonracha CO₂ (gCO₂/t-km) más feithicil earraí troma í, nó a hastaíochtaí sonracha CO₂ (CO₂/p-km) más cóiste nó bus í, mar a fhoráiltear ina comhad faisnéise custaiméara, a leagtar amach i gCuid II d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún*;

* Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂ agus ar ídiú breosla feithicilí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2400/oj>).’;

(b) i bpointe (29), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) mótarfheithicil tromshaothair dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe 11 (a) nó (b), de Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
nó

* Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d’fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj>).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (30):

‘(30) ciallaíonn ‘feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle’ feithicil tromshaothair astaíochtaí ísle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 12, de Rialachán (AE) 2019/1242;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (35):

‘(35) ciallaíonn ‘grúpa feithicilí’ grúpa feithicilí dá dtagraítear in Airteagal 4, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2017/2400;’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (37):

‘(37) ciallaíonn ‘conair laghdaithe astaíochtaí’ fho-ghrúpa feithiclí (sg) conair laghdaithe astaíochtaí CO₂ le haghaidh feithiclí earraí troma (ET_{sg,Y}) nó le haghaidh busanna agus cóistí (ET_{sg,Y}), arna cinneadh i gcomhréir le pointe 5.1.2.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus arna coigeartú mar a leanas:

(a) le haghaidh na mblianta $Y \leq 2030$, an sprioc laghdaithe astaíochtaí CO₂ le haghaidh 2030 (rf_{sg,Y} nó rfp_{sg,Y}, inarb é Y=2030) 30 %; agus

(b) le haghaidh na mblianta $Y > 2030$, is 0,7 an spriocfhachtóir (RET_{sg,Y} nó RET_{p_{sg,Y}});’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (38):

‘(38) ciallaíonn ‘astaíochtaí tagartha CO₂’ astaíochtaí tagartha CO₂ mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2019/1242;’;

(2) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘(2) Chun críocha mhír 1, pointe 3:’;

(3) leasaítear Airteagal 7ga mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit muirir bhonneagair agus muirir úsáideora a athrú le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcomhréir leis an Airteagal seo.

‘Cuirfidh na Ballstáit an t-athrú sin i bhfeidhm ar na foghrúpaí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/1242 tar éis fhoilsiú astaíochtaí tagartha CO₂ na bhfoghrúpaí feithiclí sin i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán sin. Beidh feidhm ag an athrú sin ón 1 Iúil den bhliain tar éis bhliain an fhoilsithe sin, má foilsíodh é roimh an 1 Iúil, nó ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis bhliain an fhoilsithe sin, má foilsíodh éan 1 Iúil nó dá éis sin. Mar sin féin, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH, cuirfidh na Ballstáit an t-athrú sin i bhfeidhm ón 13 Bealtaine 2023 ar a dhéanaí.

Cuirfidh na Ballstáit na hastaíochtaí tagartha CO₂ arna gcoigeartú de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/1242 i bhfeidhm ón 1 Iúil den bhliain tar éis bhliain foilsithe na n-astaíochtaí tagartha coigeartaithe CO₂, má foilsíodh é roimh an 1 Iúil, nó ón 1 Eanáir den dara bliain tar éis bhliain an fhoilsithe sin, má foilsíodh éan 1 Iúil nó dá éis sin. Mar sin féin, i gcás na bhfoghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH, cuirfidh na Ballstáit na hastaíochtaí tagartha CO₂ sin arna gcoigeartú i bhfeidhm ón 1 Iúil 2026.

Gan dochar don laghdú ar rátaí dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rátaí laghdaithe na muirear bonneagair nó na muirear úsáideora, nó maidir le díolúintí ón oibleagáid na muirir bhonneagair nó muirir úsáideora a íoc i gcás feithiclí astaíochtaí nialasacha ó aon ghrúpa feithiclí ón 24 Márta 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2031. Laistigh den tréimhse sin, ar choinníoll go bhfuil díolúine ón oibleagáid muirir bhonneagair nó muirir úsáideora a íoc i bhfeidhm le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, féadfaidh na Ballstáit laghdú iomchuí a chur i bhfeidhm ar ráta na muirear bonneagair nó na muirear úsáideora le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle a bheidh teoranta do 75 % i gcomparáid leis an muirear a ghearrtar ar fheithiclí in aicme 1 d'astaíochtaí CO₂, mar a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo. Ón 1 Iúil 2031, beidh na laghduithe le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha teoranta do 75 % i gcomparáid leis an muirear a ghearrtar ar fheithiclí in aicme 1 d'astaíochtaí CO₂. Ón 1 Iúil 2031, ní fhéadfar rátaí laghdaithe muirear bonneagair nó muirear úsáideora le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle a chur i bhfeidhm ach amháin má tá ráta laghdaithe níos airde i bhfeidhm le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, agus beidh siad teoranta do 50 % i gcomparáid leis an muirear a ghearrtar ar fheithiclí in aicme 1 d'astaíochtaí CO₂.’;

(b) i mír 2, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas léi:

‘Na feithiclí a aicmíodh in aicme 1 nó 2 d’astaíochtaí CO₂ trí úsáid a bhaint as conair laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí CO₂ le haghaidh 2030 de 43 %, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar iad a ath-aicmiú trí úsáid a bhaint as conair laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar sprioc laghdaithe astaíochtaí CO₂ le haghaidh 2030 de 30 %.

Measfaidh na Ballstáit maidir leis na feithiclí uile ar féidir leis an úsáideoir bóithre fianaise maidir le hastaíochtaí CO₂ a sholáthar ina leith i gcomhad faisnéise custaiméara arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/2400, go bhfuil na feithiclí sin incháilithe d’aicmiú in aicme astaíochtaí CO₂. Má bhíonn dáta céadchlárúcháin feithicle roimh dháta tosaigh chonair laghdaithe astaíochtaí an fhoghrúpa feithiclí lena mbaineann an fheithicil, beidh feidhm ag luachanna na chéad bhliana den chonair laghdaithe astaíochtaí an fhoghrúpa sin.

Caithfidh na Ballstáit le feithiclí seirbhíse, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 9, de Rialachán (AE) 2019/1242, mar fheithiclí a bhaineann leis an bhfoghrúpa feithiclí neamhsheirbhíse comhfhreagrach.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit muirir laghdaithe a ghearradh i gcomhréir le haicme 5 d’astaíochtaí CO₂ ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha a iarfheistíodh le hinneall faoi thiomáint breosla a ghineann fuinneamh leictreach nó a chuireann le tiomáint na feithicle. Ina ionad sin, déanfaidh na Ballstáit na muirir a ghearradh i gcomhréir le haicme 1 d’astaíochtaí CO₂.

Féadfaidh monaróirí feithiclí an uirlis ionsamhlúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2400 a úsáid chun astaíochtaí CO₂ feithicle débheosla a chinneadh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 21, de Rialachán (AE) 2017/2400, tar éis a dáta táirgthe, i gcás ina mbeidh dáta táirgthe na feithicle sin roimh an 1 Eanáir 2024. Monaróir a bhfuil sé beartaithe aige an rogha sin a úsáid, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go bhfuil sé beartaithe aige é sin a dhéanamh agus cinnfidh an Coimisiún cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an monaróir sin an uirlis ionsamhlúcháin a úsáid chun na críche a leagtar amach san fhomhír seo agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don mhonaróir sin. Le haghaidh aicmiú feithicle in aicme astaíochtaí CO₂, glacfaidh na Ballstáit leis an ionsamhlúchán arna táirgeadh ag monaróirí mar fhianaise astaíochtaí CO₂ na feithicle, ar choinníoll go seolann an monaróir lena mbaineann torthaí an ionsamhlúcháin sin go díreach agus i bhformáid dhigiteach chuig na Ballstáit, in éineacht leis an gcinneadh ón gCoimisiún arna chur in iúl don mhonaróir sin.’;

- (c) scriostar mír 7;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘12. Faoin 30 Meitheamh 2029, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na roghanna seo a leanas:

- (a) a cheadú do na Ballstáit rátaí dola a athrú bunaithe ar shaintréithe leantóirí agus na coinníollacha sonracha i mBallstáit éagsúla á gcur san áireamh, amhail ilchineálacht flíteanna leantóirí, na teicneolaíochtaí agus an trealamh éagsúil ar an margadh agus an laghdú iomlán ar fhuinneamh ó úsáid na dteicneolaíochtaí agus an trealaimh sin; agus
- (b) astaíochtaí CO₂ a chinneadh le haghaidh mótarfheithiclí agus leantóirí iarfheistithe.

Breithneoidh an Coimisiún na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na roghanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/1242. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar thorthaí aon treoirhionscadail sa réimse sin, agus cuirfidh sé an t-ualach riaracháin, na srianta oibríochtúla, paraiméadair eacnamaíocha na dteicneolaíochtaí atá ar an margadh agus cost-éifeachtúlacht san áireamh. Bunaithe ar an measúnú sin, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun an Treoir seo a leasú.’;

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás comhchóras maidir le muirir úsáideora dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, is é an 25 Márta 2025 dáta deiridh chur i bhfeidhm na n-athruithe dá dtagraítear in Airteagal 7ga(1) le haghaidh foghrúpaí feithiclí 4-UD, 4-RD, 4-LH, 5-RD, 5-LH, 9-RD, 9-LH, 10-RD agus 10-LH.’;

(5) in Airteagal 9b, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Chun malartú faisnéise feithicle a bhaineann leis na paraiméadair aicmithe feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17), de Threoir (AE) 2019/520 a éascú, agus d’fhonn oibriú i dtreo aitheantas frithpháirteach ar fud na mBallstát chun críocha feithiclí a aicmiú agus a fhorfheidhmiú, comhordóidh an Coimisiún an obair laistigh den ghrúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 9e(4) chun malartú dea-chleachtas a shainaithint agus a chur chun cinn agus chun moltaí a dhéanamh maidir le cur chuige comhchoiteann.’.

Airteagal 2

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2027. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi.

Ón 1 Eanáir 2028, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na bearta is gá chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) Airteagal 1, pointe (1)(e), den Threoir seo; agus
- (b) Airteagal 1, pointe (3)(b), den Threoir seo a mhéid a chuireann an pointe sin an tríú fomhír le hAirteagal 7ga(2) de Threoir 1999/62/CE.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Cinnfidh na Ballstáit síos na bealaí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh in/sa ..., ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
